




Gallúnú (Sampla de ghallúnach a ullmhú)



- Tugtar eistearúchán ar dhéantús eistir (aigéad carbocsaileach + alcól).
- Hidrealú a thugtar ar a mhalairt d'imoibriú (nuair a imoibríonn an t-eistear le huisce chun aigéad carbocsaileach + alcól a dhéanamh).
- Tugtar gallúnú ar bhunhidrealú eistir chomh maith.
- Cruthaítear salann sóidiam den aigéad carbocsaileach nuair a dhéantar bunhidrealú ar an eistear trí úsáid a bhaint as hiodrocsaíd sóidiam (NaOH mar atá thuas) agus alcól. Sa chás seo is é stéaráit sóidiam an salann (i.e. an ghallúnach) a chruthaítear agus is é gliocról an t-alcól a chruthaítear nuair a imoibríonn an t-eistear, tristéaráit ghlicirile, le NaOH.

- Más solad a bhíonn san eistear ag teocht an tseomra, tugtar saill air. Más leacht a bhíonn ann, tugtar ola air.
- Propán-1,2,3-triól an t-ainm IUPAC ar ghliocról (tarraing amach é má dhéanann tú dearmad air!).

(1) Aife

- Is modh é an aife ina bhfiuchtar leacht i bhfleascán atá ceangailte le comhdhlúthadán ceartingearach.
- Is bealach é seo chun ligean don imoibriú dul chun críche agus, mar sin, chun an táirgeacht a uasmhéadú gan aon cheann de na substaintí so-ghalaithe (gliocról, eatánól, gal, tuaslagóir) a chailleadh le linn an phróisis.
- Cuirtear an tsail/ola i bhfleascán piorrachruthach le barraíocht NaOH (imoibríonn an NaOH agus an tsail/ola lena chéile), eatánól agus gráinníní frith-phreabarnaí.
- Cinntítear leis na gráinníní frith-phreabarnaí go bhfiuchtar an meascán go séimh (i.e. nach imoibriú róbhriomhar a bhíonn ann).
- Tuaslagtar an tsail/ola san eatánól.
- Déantar an meascán a aife ar feadh 30 nóiméad. Ba chóir go mbeadh an gallúnú nó an bunhidrealú críochnaithe faoin tráth sin.
- Feictear cóta de shubstaint (an ghallúnach) taobh istigh den fhleascán.
- Ligtear don ghairesas fuarú agus athshocraítear é le haghaidh driogtha.

(2) Driogadh

- Bíonn gallúnach, farasbarr eatánóil agus NaOH fágtha sa fhleascán tar éis an ghallúnaithe mar aon leis na gráinníní frith-phreabarnaí.
- Níl uainn ach an ghallúnach. Caithfear na substaintí eile a bhaint.
- Baintear an t-eatánól trí é a dhriogadh (ag 78 °C) chun an ghallúnach a aonrú (nó bheadh méid áirithe den ghallúnach fós tuaslagtha san alcól) agus, sa tslí sin, déantar an táirgeacht a uasmhéadú.
- Doirtear a bhfuil sa fhleascán driogtha (an meascán imoibriúcháin te) isteach in eascra ina bhfuil roinnt sáile chun an ghallúnach a dheascadh. Toisc go bhfuil gallúnach dothuaslagtha sa sáile, deasctar amach é. Tuaslagtar an farasbarr NaOH sa sáile chomh maith.
- Scagtar an meascán gallúnaí. Fágтар an ghallúnach ar an scagpháipéar agus fágтар an farasbarr NaOH sa tuaslagán mar aon leis an ngliocról, an t-eatánól agus an sáile.
- Nitear an ghallúnach le sampla úr de sháile agus uisce oighearfhuar.
- Baintear an NaOH ar fad leis an sáile agus trí uisce oighearfhuar a úsáid, cinntítear nach dtuaslagtar ach an t-íosmhéid den ghallúnach.
- Fágтар an ghallúnach ar scagpháipéar thar oíche chun é a thriomú.

Conas gur féidir olaí neamhpholacha a thuaslagadh i ngallúnach agus gur féidir na salainn ianacha a bhíonn in allas a thuaslagadh inti freisin?

- Tá $C_{17}H_{35}$ neamhpholach (hidreafóbach) agus tuaslagann olaí (substaintí neamhpholacha) ann.
- Bíonn aomadh ann idir $-COO^-Na^+$ [an chuid ianach (hidrifileach) den ghallúnach] agus na salainn in allas agus substaintí polacha eile (i.e. tuaslagtar iad leis an ngallúnach).

